Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland



# Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta

## 2023–2027






**Gaillimhe**

**Pictiúir Clúdaigh (C go D):** Boyd Challenger, Anita Murphy, Tamara Eckhardt.

## Na Caibidlí


| | | |
|---|---|---|
| | Réamhrá Méara agus/nó ón bPríomhfheidhmeannach | 02 |
| 01 | Éire Ildánach 2023–2027 | 04 |
| 02 | Cultúr agus Cruthaitheacht i gComhairle Cathrach na Gaillimhe | 06 |
| 03 | Fís Éire Ildánach do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe | 10 |
| 04 | Mar a fheidhmíonn Clár Éire Ildánach<br>Prionsabail agus Luachanna Phobail Chruthaitheacha | 12 |
| 05 | Tosaíochtaí Straitéiseacha do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe | 14 |
| 06 | Cur chun feidhme arna déanamh ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe | 16 |
| | Léarscáil de Chomhairle Cathrach na Gaillimhe (Toghcheantair) | 18 |

# Réamhrá

Tá Gaillimh mar chroílár cultúir an réigiúin agus mar chroílár cultúir Iarthar na hÉireann tríd is tríd. Táimid ag brath ar an Eoraip agus níos faide ar aghaidh ná sin ar mhaithe le hinspioráid agus spreagadh. Táimid ag féachaint ar an gcultúr mar ghné ríthábhachtach dár dtodhchaí agus dár bhforbairt mar chathair agus mar réigiún. Tá an cultúr mar ghné bhunúsach freisin d'inbhuanaitheacht gheilleagrach, timpeallachta agus shóisialta agus tiocfaidh na gnéithe sin sa chathair agus sa réigiún le chéile chun ár saol agus saol na leanaí agus na ndaoine óga ar mian leo oibriú agus maireachtáil sa réigiún seo ar feadh a saol a fheabhsú. Tréimhse achrannach a bhí sna blianta seo atá caite do Ghaillimh, ní hamháin ó thaobh uaillmhianta cultúir agus cruthaitheachta, dóchas, spriocanna, díomá agus céim ar gcúl uaireanta a bhí i ndán do chathair agus don réigiún.

Tá athbhreithniú déanta ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, a thagann ó raon leathan aonaid agus stiúrthóireachtaí laistigh de Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, lena n-áirítear, roinnt de na príomhinstitiúidí cultúir agus Cuideachta Cultúir na Gaillimhe, ar chomh maith, dar leo, is a d'oibrigh Straitéis Éire Ildánach 2018–2022. Bhí comhaltaí na foirne den tuairim, agus machnamh á dhéanamh acu ar láidreachtaí an chláir, gur éirigh leis an straitéis a cuid tosaíochtaí a sholáthar, in ainneoin céim ar gcúl agus an gá a bhí le díriú an athuair ar chúrsaí chun aghaidh a thabhairt ar sholáthar agus géarchéim náisiúnta ann, go háirithe tríd na blianta 2020 agus 2021 agus paindéim COVID-19 ag cur an domhain trína chéile, agus ar ndóigh an tionchar a bhí aige sin ar sheachadadh ainmniúchán Phríomhchathair Chultúir na hEorpa. Bhí inoiriúnaitheacht agus solúbthacht ina chur chuige mar láidreacht áirithe sa chlár. Chinntigh foireann idirdhisciplíneach a bheith ag feidhmiú agus a bhí i mbun maoirseachta ar an straitéis, go raibh comh-ionchuir na gcomhaltaí — a raibh gach aon duine acu nasctha le líonraí seachtracha sna pobail, sna healaíona, sa chultúr, san oidhreacht agus sa teanga, chomh maith le spriocghrúpaí sonracha, go raibh sé níos éasca seachadadh an chláir a chur in oiriúint agus chuir sé sin lena rathúlacht.

Is cathair fhuinniúil, ilghnéitheach, chultúir, chruthaitheachta, bhríomhar, chairdiúil agus fhócasaithe í Cathair na Gaillimhe. Cathair mhór léinn í Cathair na Gaillimhe, cathair do dhaoine óga, cathair ina bhfuil oidhreacht shaibhir chultúir agus timpeallacht nádúrtha nach bhfuil a sárú le fáil. Cathair Chruthaitheachta í Cathair na Gaillimhe ina mbaineann tábhacht leis an uile dhuine.

Is mian linn buíochas ó chroí a ghabháil leis an uile dhuine ó na hearnálacha cultúir, sóisialta, gnó, pobail agus reachtúla, a chuir le forbairt "Gaillimh Chruthaitheach 2023–2027". Tá ár gcreat straitéiseach inbhuanaitheachta cultúir, is é sin "Baineann Tábhacht leis an Uile Dhuine" fós ábhartha agus féachaint chun cinn ar mhaithe lenár rannpháirtíocht féin agus rannpháirtíocht na bpobal agus na cathrach sna comhpháirtíochtaí agus eachtraí nua cultúir agus cruthaitheacha fheabhsú agus a leathnú. Táimid ag tnúth go mór leanúint ar aghaidh ag comhoibriú go dlúth le comhghleacaithe náisiúnta in Éire Ildánach.

**An Comhairleoir Clodagh Higgins**
Méara Chathair na Gaillimhe

**Brendan McGrath**
Príomhfheidhmeannach,
Comhairle Cathrach na Gaillimhe




*Cruinniú na nÓg* Galway Community Circus, Galway City.
**Photograph:** Boyd Challenger.

# 1 Éire Ildánach
## 2023–2027

Is tionscnamh uile-rialtais é Clár Éire Ildánach atá tiomanta do rochtain a fheabhsú i dtaobh chultúr agus chruthaitheacht na hÉireann, rannpháirtíocht iontu a fheabhsú agus an sásamh a bhaintear astu a fheabhsú. Laistigh den réimse leathan de shainmhínithe atá ar fáil, meastar an chruthaitheacht a bheith ina shraith de chumais nádúrtha agus scileanna foghlama; ábaltacht daoine aonair agus eagraíochtaí smaointe agus gnásanna a nglactar leo a shárú agus trí úsáid a bhaint as an tsamhlaíocht chun smaointe nua a chruthú a thugann fiúntas breise do ghníomhaíocht an duine.

Is é fís Chlár Éire Ildánach 2023–2027 an chruthaitheacht a bheith ina gnáthchuid de shaol an náisiúin chun go mbeimid ábalta an cumas iomlán cruthaitheachta atá ionainn, inár saol pearsanta agus inár n-institiúidí, asainn féin agus i ngrúpaí, a thabhairt chun fíre agus folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn.

Déanfaidh Clár Éire Ildánach maith air sin trí oibriú i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht ag cur tuiscint agus meas ar luach na cruthaitheachta i ngach aon fhoirm chun cinn-cé acu ar trí na healaíona, cultúr, oidhreacht nó teicneolaíocht é.

**Déanfaidh Clár Éire Ildánach tús áite a thabhairt dá chuid oibre bunaithe ar chúig ghné don tréimhse 2023–2027:**

1. Óige Ildánach
2. *Pobail Ildánacha*
3. Tionscail Ildánacha
4. Sláinte agus Folláine Ildánach
5. Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht Ildánach

Faoi Chlár Éire Ildánach, tacaíonn *Pobail Ildánacha* leis an gcomhpháirtíocht idir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus údaráis áitiúla na hÉireann. Cuireann an chomhpháirtíocht seo ar chumas saoránach agus pobal a gcultúr agus a gcruthaitheacht a fhiosrú ag an leibhéal áitiúil agus, nuair is cuí, leas a bhaint as an gcruthaitheacht sin chun an fholláine a neartú, aontacht shóisialta a bhrú chun cinn agus tacú le forbairt eacnamaíoch.

Tá *Pobail Ildánacha* nuálach chomh maith i dtaobh an chruthaitheacht a spreagadh chun lánpháirtiú níos mó a bhaint amach ar fud tosaíochtaí beartais spriocdhírithe. Mar thoradh air sin tá tionscnaimh rannpháirtíochta cruthaitheachta nua bainte amach maidir le leanaí agus daoine óga, daoine níos sine, gníomhú ar son na haeráide agus geilleagair áitiúla, mar shampla. Tá dearcadh daoine aonair agus pobail maidir leis an ról agus luach atá ag an gcultúr agus ag an gcruthaitheacht lárnach inár bhfolláine sa chiall is leithne ag feabhsú.

Is chun tacú le rannpháirtíocht, uilechuimsiú daoine agus iad a bheith ábalta iad féin a chur in iúl laistigh de phobail atá i gceist leis an deis a glacadh go fonnmhar i Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2023–2027 Lú agus geilleagair áitiúla cruthaitheachta a neartú tuilleadh.



Design Lab, Architecture at the Edge, Galway City. **Photograph:** Anita Murphy.



That's Life, James O'Connell, Bounce, Galway City

## 2 Cultúr agus Cruthaitheacht i gComhairle Cathrach na Gaillimhe

Tá traidisiún uasal i gCathair na Gaillimhe ó thaobh cruthaitheachta ón mbonn aníos a cheangal le seachadadh taispeántais ealaíona agus cruthaitheacha sofaisticiúla. Tá Cathair na Gaillimhe, atá lonnaithe ar Chósta Atlantach na hÉireann, mar chroílár Réigiún an Iarthair, le daonra agus é curtha i dtoll a chéile atá ag beagnach leath mhilliún duine anois, 483,677 duine, de réir réamhshonraí dhaonáireamh 2021.

Bhí fás 6% sa daonra le brath i nGaillimh féin, ó 78,668 sa bhliain 2016 go 83,456 sa bhliain 2021 agus bhí ardú níos mó arís de 8% le brath i gContae na Gaillimhe ó 179,390 go 192,995 thar an tréimhse céanna. Ciallaíonn sé sin go seasann daonra foriomlán Chathair na Gaillimhe ag 276,451. Is dóigh go léireoidh Daonáireamh 2021 ardú i bpróifíl daoine óga, tá an cion is mó daoine óga sa Tír i gCathair na Gaillimhe cheana féin, bhí go leor daoine óga san aoisghrúpa 18-24 sa Chathair i gcónaí mar gheall ar an tionchar sonrach atá ag an daonra mór mac léinn tríú leibhéal i nGaillimh.

Tá dhá institiúid ardoideachais seanbhunaithe i nGaillimh, Ollscoil na Gaillimhe (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh roimhe seo) agus Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (ATU). Soláthraíonn Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe cúrsaí breisoideachais agus ardoideachais freisin, lena n-áirítear, bonnchúrsaí sna healaíona agus scannán as a leanann cúrsaí in institiúidí eile ag leibhéal 7 agus os a chionn. I nGaillimh féin, tá thart ar 6,000 mac léinn i gcampais an ATU, le daonra níos mó mac léinn arís in Ollscoil na Gaillimhe, ag 21,000 mac léinn. Cuireann sé seo le próifíl fhuinniúil agus próifíl óg Chathair na Gaillimhe agus tagann go leor de na mic léinn seo ón réigiún agus fanann cuid acu sa chathair tar éis dóibh a bheith críochnaithe le coláiste agus téann siad ag obair.

Cé go bhfuil Gaillimh aitheanta mar ionad réigiúnach fostaíochta sna hearnálacha cógaisíochta, cúraim sláinte agus feistí leighis, tá geilleagar fuinniúil cruthaitheachta agus cultúir ann freisin.

### Tionscail Chruthaitheacha

Is earnáil geilleagair atá cumhachtach iad na Tionscail Chruthaitheacha atá á neartú tríd an mborradh i gcúrsaí digitithe agus i seirbhísí. Déanann 3,132 fiontar ar an iomlán suas geilleagar cruthaitheach réigiún na Gaillimhe, Mhaigh Eo agus Ros Comáin agus tá dhá thrian de na cuideachtaí sin i nGaillimh (Cathair agus Contae). Meastar go gcruthaíonn na hearnálacha seo fostaíocht do 3,878 duine atá thart ar 3.4% den fhostaíocht iomlán ar fud an Chontae.

Meastar gur fiú €478.8 milliún an earnáil chruthaitheach d'Iarthar na hÉireann le honnmhairithe de €57.3 milliún.

In ainneoin thionchar COVID-19, tá sé ar chumas seirbhísí cruthaitheachta níos mó teacht aniar a bheith iontu ó thaobh brúnna geilleagracha, le fás ar an ngeilleagar digiteach agus ar an ngeilleagar comhroinnte agus teacht chun cinn gníomhaíocht ríomhthráchtála go hidirnáisiúnta. Cuireann dul chun cinn na réaltachta breisithe (AR), intleacht shaorga (AI), réaltacht fhíorúil (VR), blocshlabhra, margaíocht dhigiteach agus fógraíocht ar líne ar chumas an lucht tionscail teorainneacha idirnáisiúnta a thrasnú gan stró chun bualadh le chéile, chun nascadh agus comhoibriú nuair a bhíonn an bonneagar agus na hacmhainní atá riachtanach ar fáil.

### Bonneagar Cultúir

Tá caipiteal cultúir saibhir i nGaillimh i dtéarmaí acmhainní fisiciúla agus daonna araon agus tá curtha leis sin agus tá forbairt déanta air leis na blianta. Is do chruthaitheacht agus do shamhlaíocht daoine aonair atá an chreidiúint ag dul ó thaobh rathúlacht na n-eagraíochtaí cultúir seanbhunaithe ar nós Fhéile Idirnáisiúnta Ealaíon na Gaillimhe, Amharclann Druid, Baboró agus go leor eile as ar tháinig a mbunú mar thoradh orthu. Tháinig go leor grúpaí, imeachtaí agus institiúidí seanbhunaithe eile anois, amhail Féile Litríochta Cúirt, Music for Galway, Galway Early Music Festival, Amharclann Halla an Bhaile, Ionad Ealaíon na Gaillimhe, Amharclann O'Donohue in Ollscoil na Gaillimhe, Músaem Chathair na Gaillimhe, Fleadh Scannán na Gaillimhe, Ardán (Ionad Scannán na Gaillimhe roimhe seo), Pictiúrlann an Palás agus go leor eile as rathúlacht na bhfiontar cruthaitheach tosaigh seo. Tá Gaillimh mar láthair do líon scannán neamhspleácha agus do chomhlachtaí léiriúcháin teilifíse, chomh maith le TG4, an craoltóir náisiúnta meán Gaeilge agus teilifíse. Tá líon suntasach féilte ar scála níos lú, grúpaí amaitéaracha drámaíochta, ceolfhoirne pobal-bhunaithe, cóir, grúpaí ealaíon óige agus go leor eile.

Tá tionscadail Music Generation ar fáil anois i gCathair agus i gContae na Gaillimhe, le foireann atá fostaithe chun rannpháirtíocht sa cheol a chur chun cinn i measc daoine óga faoi 18 mbliana d'aois.

Tá suíomh na Gaillimhe ar Chósta an Atlantaigh thar a bheith tábhachtach do na forbairtí seo freisin, tá an Ghaeltacht is mó sa tír ann, agus tá an chathair féin tiomanta le fada an lá ó thaobh a bheith mar chathair dhátheangach. Is i nGaillimh atá Amharclann Náisiúnta na Gaeilge "An Taibhdhearc" lena mbaineann stair fhada agus traidisiún ach atá á hathchruthú féin anois ina ról níos comhaimseartha maidir leis an nGaeilge i gcomhpháirtíocht le Fíbín.

### Making Waves

Tá loirg chultúir níos leithne, go deimhin, ná na hEalaíona agus fiú earnáil na dTionscal Cruthaitheach, agus tacaíonn siad freisin leis an timpeallacht fhisiceach níos leithne, le hoidhreacht agus le béaloideas an cheantair agus an phobail. Tá plean comhchoiteann á chomhroinnt ag straitéisí cultúir na Gaillimhe, ag an bPlean Ealaíon agus ag pleananna ábhartha eile ó thaobh an cultúr a chur i gceartlár forbairt áitiúil.

Is í uathúlacht na Gaillimhe, mar chathair fhuinniúil chruthaitheachta atá suite ar imeall na hEorpa, a stádas dhátheangach, a hoidhreacht láidir agus ceangal a mhuintire leis an tírdhreach a bhí ar roinnt de na buanna i gcomhair le dea-theist maidir le pobal Ealaíonta agus Cruthaitheachta a bheith i nGaillimh a chuir lena rathúlacht san iarratas ar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa (ECOC) don bhliain 2020.

Bhí "Making Waves" ar an bplean uaillmhianach agus nuálach do Ghaillimh 2020. Sholáthraigh coincheapa cruthaitheacha amhail "Bailte Beaga, Smaointe Móra" arbh ionann iad agus samhail chun tús a chur le comhpháirtíochtaí ar scála beag idir lucht cruthaitheachta agus pobail ar nós iad siúd a ndearnadh forbairt orthu faoin gcéad straitéis d'Éire Ildánach i nGaillimh 2018–2022. Beidh tionchar ag straitéis amháin ar straitéis eile agus beidh taithí foghlama na gcomhaltaí foirne san fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta laistigh den Údarás Áitiúil ar phríomhghné ó thaobh a chinntiú go bhfuil an próiseas seo orgánach, freagrach do riachtanais agus do thuairimí an phobail agus inoiriúnaithe d'imthosca amach anseo.

### Oidhreacht na Gaillimhe do 2020 agus Éire Ildánach

Coinneofar le hoidhreacht na Gaillimhe do 2020, go sonrach trí chuideachta idirghníomhaireachta, Cuideachta Cultúir na Gaillimhe, a chomhroinneann roinnt comhaltais leis an bhFoireann Cultúir agus Cruthaitheachta laistigh den Údarás Áitiúil. Tá comhráite ar siúl cheana féin maidir leis an mbealach inar féidir le gníomhaíocht na Cuideachta Cultúir cur leis an gclár agus sineirge a sholáthar ó thaobh an chláir atá á bheartú faoi choimirce Éire Ildánach sa dá údarás áitiúil i nGaillimh. Áireoidh réimsí ó thaobh comhoibriú dóchúil, tacaíocht a sholáthar chun acmhainn an phobail a fhorbairt, easnamh a aithníodh le linn Bailte Beaga, Smaointe Móra a bheith á leathadh amach. Cuireann gníomhaíochtaí a tharraingt le chéile féidearthachtaí spreagúla ar fáil chun bearnaí a líonadh ó thaobh acmhainne agus d'fhéadfadh siad meantóireacht, beochan nó tacaíochtaí oiliúna a thairiscint chun cur go mór le cothromas rochtana ar chlár Éire Ildánach, chomh maith le cistí eile ealaíona agus cruthaitheachta.

Rinne líon tionscnamh ar thug an Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta fúthu le linn na tréimhse 2020 comhlánú ar thionscadail ar scála mór a bheith á leathadh amach ag Gaillimh 2020 agus thug gnéithe breise chuig tionscadail mhóra ag teacht le cuspóirí rochtana Éire Ildánach.

### Ag Foghlaim ón Am atá caite

*"I am tomorrow, or some future day, what I establish today. I am today what I established yesterday, or some previous day."*

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar fheidhmiú Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Éire

Ildánach, rinne comhaltaí na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta, a thagann ó raon leathan aonaid agus stiúrthóireachtaí laistigh d'Údarás Áitiúil Chathair na Gaillimhe agus roinnt dá phríomhinstitiúidí cultúir, athbhreithniú ar chomh maith is a d'oibrigh an Straitéis dar leosan.

Bhí comhaltaí na foirne den tuairim, agus machnamh á dhéanamh acu ar láidreachtaí an chláir, gur éirigh leis an straitéis a cuid tosaíochtaí a sholáthar, in ainneoin céim ar gcúl agus an gá le díriú in athuair a bhí riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar sholáthar agus géarchéim náisiúnta sa tír, go háirithe trína blianta 2020 agus 2021 agus paindéim COVID-19 ag cur an domhain trína chéile, agus ar ndóigh an tionchar a bhí aige sin ar sheachadadh ainmniúchán Phríomhchathair Chultúir na hEorpa. Bhí inoiriúnaitheacht agus solúbthacht ina chur chuige mar láidreacht áirithe sa chlár. Chinntigh foireann idirdhisciplíneach a bheith ag feidhmiú agus a bheith i mbun maoirseachta ar an straitéis, go raibh comh-ionchuir na gcomhaltaí — a raibh gach aon duine acu nasctha le líonraí seachtracha sna pobail, sna healaíona, sa chultúr, san oidhreacht agus sa teanga, chomh maith le spriocghrúpaí sonracha, go raibh sé níos éasca seachadadh an chláir a chur in oiriúint agus chuir sé sin lena rathúlacht.

*Mar shampla, chuir Amharclann Halla an Bhaile tionscadal ar fáil go cianda an t-achar is a bhí an t-ionad dúnta, i gcomhar le lucht cónaithe tithe altranais, agus bhí an lucht féachana thar a bheith sásta leis. Chuir siad ealaíontóirí éagsúla ina mbeirteanna leis na hothair le scéalta a insint dóibh, chun foirmeacha ealaíne sonracha a chomhroinnt agus rinneadh scannánaíocht orthu seo agus rinneadh iad a thaifeadadh lena gcur amach ar RTÉ, a chiallaigh taifead buan den chomhoibriú ealaíonta. Bhí go leor tionchair thairbheacha acu seo. Chuir siad ioncam agus gníomhaíocht ar fáil don lucht cruthaitheachta, a bhí ag teastáil go géar, mar nach mbeadh aon deis acu léiriú a thabhairt seachas sin, chuir sé gné nascachta sóisialta ar fáil do lucht cónaithe tithe altranais agus chruthaigh stór ealaíonta agus cultúir uathúil, a bhfuil scannánaíocht déanta air anois agus é scaipthe ar lucht féachana leathan.*

Bhíothas den tuairim gur bhain láidreacht mhór ó thaobh cur chuige le comhoibriú ar fud ranna agus ar fud disciplíní. Bhí eagraíochtaí amhail an Oifig Fiontar Áitiúil a bhíodh ag déileáil roimhe den chuid is mó le daoine aonair a mbíodh fiontair ealaíonta á gcruthú acu, rannpháirteach anois i ngníomhaíochtaí a phleanáil i gcomhar leis an bhFoireann Cultúir agus Cruthaitheachta, agus aithníodh bealaí le comhthairbhe a chur ar fáil d'ealaíontóirí agus do lucht cruthaitheachta.

Ar shampla de sin, bhí cur chun cinn comhfheachtas margaíochta chun fiontair chruthaitheacha aonair a chur chun cinn i dteannta a chéile roimh mhargadh na Nollag. Chruthaigh sé seo láimhdeachas breise do lucht tacaíochta na cruthaitheachta nuair a osclaíodh an margadh do ghnó agus do ghnó ar líne freisin. Chuidigh sé le Gaillimh a chur chun cinn mar cheann scríbe d'fhiontraithe cruthaitheacha.

## Deiseanna chur cur le láidreachtaí na Straitéise

Léiríodh san athbhreithniú ar an gclár réimsí freisin inar admhaigh na comhaltaí go raibh gá le feabhas. Bhí léiriú déanta cheana féin freisin ar an tsaincheist a bhain le tacaíocht ó thaobh acmhainní a sholáthar do ghrúpaí, daoine aonair agus do phobail atá ar an imeall. Bhain deacrachtaí eile le heaspa foirne comhordaithe tiomanta agus tacaíocht riaracháin don Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta, thar an tréimhse feidhmithe. Tá go leor foghlamtha maidir le conas seachadadh a chuir in oiriúint in ainneoin géarchéime ar nós phaindéim COVID-19, paindéim nach raibh súil ar bith léi, go háirithe maidir le táirgí ealaíonta nó cruthaitheachta a sheachadadh go cianda.

Tá tionchar ag costais fuinnimh agus ag an gcostas maireachtála go ginearálta atá ag dul i méid ar chumas eagraíochtaí ealaíon agus cultúir cothabháil a dhéanamh ar shaoráidí agus ar sheirbhísí atá ann cheana féin agus tá siad mar dhúshlán do sholáthar tionscadail amach anseo.

Bhíothas den tuairim freisin go bhféadfaí an teachtaireacht maidir le hÉire Ildánach a fheabhsú agus go bhfuil gá ann ó thaobh féachaint ar an mbealach le daoine a bheith rannpháirteach go díreach i gcur chun cinn an chláir dá gcomhpháirtithe. Cé go bhfuil go leor spreagadh á dhéanamh ag Cruinniú na nÓg ar chruthaitheacht aon uaire, creidtear go bhféadfadh rannpháirtíocht leanúnach leanaí agus daoine óg i ngníomhaíocht chruthaitheachta a bheith thíos leis dá gcuirfí béim ar lá amháin gníomhaíochta.

Tá gá le tuilleadh measúnaithe a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar thionchair freisin. Cé go bhfuil roinnt faisnéise atá úsáideach faighte ag leibhéal náisiúnta, tá gá le faisnéis níos sonraí, lena n-áirítear, aiseolas sainaoise agus suíomhoiriúnaithe. Ní mór go mbeidh measúnú ar thionchar agus "fianaise maidir le héifeachtúlacht" neadaithe sa straitéis sa tréimhse atá amach romhainn ó thaobh gach gné den chlár.

Thug comhaltaí na foirne nuálaíocht iontach faoi deara. Bhí siad seo difriúil ó thaobh díriú ar smaointe cruthaitheacha nua i gcomparáid leo siúd a bhain le comhoibriú spreagúil idir comhpháirtithe nua, agus is féidir cur leo seo san am atá romhainn. Bhí péire de na samplaí seo faoi stiúir Mhúsaem Chathair na Gaillimhe.

*Bhí an chéad cheann acu seo, cruthú Seomra na gCéadfaí laistigh de spás tiomanta do thaispeántas mór ar Chaisleáin agus tháinig an maoiniú ó Ghaillimh 2020. Rinneadh an smaoineamh seo a fhorbairt mar fhreagra ar riachtanais leanbh aonair a raibh uathachas air agus chiallaigh sé spás ciúin laistigh den limistéar mór taispeána. Tá sé mar ghné deartha sonrach anois, mar aon le spás sábháilte dóibh siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu. Is féidir é seo a choinneáil agus é a úsáid arís mar ghné i dtaispeántais amach anseo agus d'fhéadfadh sé a bheith níos inrochtana ansin do ghrúpaí a bhfuil riachtanais den chineál céanna acu.*

*Bhain an dara ceann le tionscadal comhoibríoch leis an lucht siúil atá ina gcónaí i Láithreán Stad Cheathrú an Bhrúnaigh, agus roinnt d'eagraíochtaí an Lucht Siúil chun tabhairt faoi shamhail de shuíomh campála Lucht Siúil. Thug an grianghrafadóir, Tamara Eckhardt cuairt ar Cheathrú an Bhrúnaigh agus thóg grianghraif a chuir comhaltaí Minceir Whidden, cumann mic léinn an Lucht Siúil san Ollscoil, i dtoll a chéile le teidil orthu chun coinníollacha maireachtála do leanaí ar an láithreán a léiriú. Tá an taifead fótagrafach den ghné seo den tionscadal, dar teideal "Leanaí Cheathrú an Bhrúnaigh" anois le feiceáil ar phainéil chruach atá ar ardchaighdeán agus iad ar taispeáint go poiblí amuigh faoin spéir thart timpeall an Mhúsaeim. Fuarthas tacaíocht ó Éire Ildánach do na painéil taispeána agus beidh na painéil ar fáil freisin do thaispeántais de tháirgí cruthaitheacha amach anseo.*

## An Bealach Chun Cinn

Tá leathnú curtha cheana féin ar chomhaltas na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta d'Éire Ildánach trí cheapadh comhaltaí foirne nua ar mhaithe le saineolas breise agus foireann ábhartha. Áirítear ar na comhaltaí seo, Comhordaitheoir Ghaillimh Shláintiúil, post nua laistigh den Chomhairle agus Ceann Caithimh Aimsire agus Taitneamhachta.

Ar mhaithe le feidhmiú réidh na straitéise a bheartú agus ar mhaithe leis an gcéad cheann de na pleananna feidhmithe bliantúla a chruthú, beidh sé riachtanach a chinntiú go mbíonn pearsanra comhordaithe agus riaracháin tiomanta ar fáil chun tacú le hobair na foirne.

Leagan Comhairle Cathrach na Gaillimhe fís amach do chur chuige inbhuanaithe i leith cultúr agus cruthaitheacht a chur chun cinn i nGaillimh sa Chreat Straitéiseach Inbhuanaitheachta Cultúir, Baineann Tábhacht leis an Uile Dhuine — 2016–2025. Chuir an fhís seo, agus na seacht gcinn de chuspóirí straitéiseacha atá mar bhonn agus mar thaca leis an bhfís, an bonn ar fáil d'ainmniúcháin rathúil na Gaillimhe mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa don bhliain 2020.

Cé gur foghlaimíodh go leor ó thionscnaimh m hóra agus ó ghníomhaíochtaí cultúir atá ag fáil tacaíochta trí mhaoiniú ó Éire Ildánach, ó Phríomhchathair Chultúir na hEorpa agus ó go leor cláir ghaolmhara eile le linn na tréimhse 2018 go 2022, tá an fhís leathan do Ghaillimh mar a chéile i gcónaí. Mar sin féin, bhí go leor cur isteach ó thaobh gníomhaíochtaí a fheidhmiú chun cur leis an bhfís sin mar gheall ar thionchar COVID- 19 agus an méid a tháinig i ndiaidh na paindéime. Mar sin féin, chuir an méid sin go léir deiseanna foghlama ar fáil. Agus aghaidh á thabhairt ar na dúshláin chun gníomhaíochtaí a athdhíriú, tá meicníochtaí nua seachadta ag teacht chun cinn, le fócas faoi leith ar dhaoine aonair agus ar ghrúpaí nach raibh an deis acu cultúr a rochtain ó ionaid thraidisiúnta.

# 3 Fís Éire Ildánachdo Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

**Is é atá mar fhís againn do Ghaillimh sa bhliain 2027, cathair ina mbaineann tábhacht le cearta cruthaitheachta agus cultúir an uile dhuine. Tugtar tacaíocht don tsamhlaíocht agus do nuálaíocht trí léiriú cruthaitheach agus cultúir ar bhealach inbhuanaithe.**

Ag leanúint ar aghaidh ón gcéad Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta agus súil le hoidhreacht spreagúil ó thréimhse na Gaillimhe mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa sa bhliain 2020, glacfaidh an Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta i gComhairle Cathrach na Gaillimhe ceannas chun cur leis an gcaidreamh atá forbartha acu cheana féin, agus aithneoidh an bealach is fearr lena chinntiú go leanfar leis na príomhaidhmeanna laistigh den fhís seo a ghlacann le hinbhuanaitheacht, samhlaíocht, cuimsiú, cruthaitheacht agus nuálaíocht a léiriú i ngníomhartha ar an talamh agus sna próisis atá in éineacht leis na gníomhartha seo.

Léirítear leanúnachas san fhís seo sa Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta agus sa Chreat Straitéiseach Inbhuanaitheachta Cultúir 2016-2025, Baineann Tábhacht leis an Uile Dhuine araon. Bhí an straitéis deiridh seo, lárnach do rathúlacht an iarratais ar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa, agus cuireadh an straitéis le chéile i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe, rud a thugann léiriú ar idirspleáchas láidir Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe araon. D'fhéadfadh daoine atá ina gcónaí sa Chontae a bheith ag obair agus ag casadh le chéile sa chathair. Tá go leor de na daoine óga atá ag staidéar i scoileanna agus i gcoláistí ag taisteal isteach ón gContae agus go deimhin, ní faide amach sa réigiún.

Beidh sé tábhachtach, lena chinntiú go mbaintear an fhís seo amach, a chinntiú gur féidir aghaidh a thabhairt ar chearta cultúir an uile dhuine sa phobal — ón duine is óige go dtí an duine is sine, iad siúd atá ar an imeall, atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta acu agus iad siúd a bhfuil spéis agus smaointe ar leith acu, nó riachtanais dhifriúla ó thaobh teanga. Cruthaíonn sé seo dúshláin do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, don Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheach agus iad siúd a bheidh ag leathadh amach na straitéise seo, agus do na comhpháirtithe a mbeidh siad ag obair leo.

Chun réitigh a aimsiú chun aghaidh a thabhairt ar na míchothromaíochtaí reatha agus fíor-rochtain a thabhairt isteach chuig na healaíona agus chuig an gcultúr don uile dhuine, agus an méid seo a sholáthar, in ainneoin na timpeallachta seachtraí atá corrach, lorgófar an méid sin trí sé cinn de chuspóirí straitéiseacha na straitéise seo agus trí shraith de phleananna feidhmithe bliantúla praiticiúla agus nuálacha.




The Children of Carrowbrowne , Galway City Musuem, Galway City. **Photograph:** Tamara Eckhardt .

# 4 Mar a fheidhmíonn Clár Éire Ildánach

## Prionsabail agus Luachanna Phobail Chruthaitheacha

Leanfaidh *Pobail Ildánacha* ag tacú le húdaráis áitiúla ina straitéis folláine trí:

- **Beartas** — Ag obair i gcomhar ar fud an rialtais ag tacú le húdaráis áitiúla beartais agus tosaíochtaí ábhartha áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a chur ar fáil;
- **Cleachtadh** — Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta Solúbtha, i réimsí éagsúla ag cur cur chuige sofhreagrúil agus inoiriúnaithe ar fáil atá lárnach do sheachadadh *Pobail Ildánacha* de réir mar atáthar ag tabhairt aghaidh ar thosaíochtaí atá ábhartha go háitiúil.
- **Rannpháirtíocht** — Níos mó deiseanna a chur ar fáil do dhaoine le bheith páirteach iontu agus sult a bhaint as an gcultúr agus cruthaitheacht ag an leibhéal áitiúil i mbealaí a chuireann bonn agus taca faoi chomhionannas rochtana; agus
- **Comhpháirtíocht** — Idir an rialtas láir agus an rialtas áitiúil, agus Ros Comáin agus na hearnálacha áitiúla cultúir agus cruthaitheachta atá againn.

Tá an cur chuige seo bunaithe ar aghaidh a thabhairt ar chlár roinnte, straitéiseach agus maith a dhéanamh ar na dúshláin agus deiseanna ar leith atá i ngach limistéar údaráis áitiúil.

Déanfar comhpháirtíocht *Pobail Ildánacha* a sheachadadh i gcomhréir leis na prionsabail agus luachanna seo a leanas:

i. Rochtain níos leithne a bheith ar fáil ar ghníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta áitiúla (agus rannpháirtíocht iontu).

ii. Úsáid a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun obair i gcomhar agus nuálaíocht a spreagadh i dtaobh folláine, aontacht shóisialta agus forbairt eacnamaíochta níos fearr a bhaint amach.

iii. An cumas atá ag údaráis áitiúla i dtaobh an cultúr agus an chruthaitheacht a imeascadh a neartú ar fud comhfhorbairt áite, athghiniúint, athnuachan agus áiteanna níos bríomhara, níos cruthaithí agus níos inbhuanaithe a fhorbairt.

iv. Infheistíocht a dhéanamh sa chultúr agus sa chruthaitheacht chun tacú le tuairiscí timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíochta a chuidíonn cláir oibre na n-údarás áitiúil a chur ar fáil–idir áitiúil agus réigiúnach, go dtí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

v. Cur leis an gcur chuige lúfar agus comhtháite atá ag Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta chun baint amach breise cláir spríocdhírithe i gcomhar a chothú.



Crinniú na nÓg Launch, Galway City.
**Photograph:** Boyd Challenger.

# 5 Tosaíochtaí Straitéiseacha do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

### Cuspóir Straitéiseach 1 — Cearta Rochtana agus Cultúir

Tá rochtain ar dheiseanna cruthaitheacha do léiriú aonair agus cruthaitheachta mar thosaíocht i gCathair na Gaillimhe i gcónaí. Tacóidh gach straitéis de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe le gníomhartha agus cuirfidh rannpháirtíocht pobail agus daoine aonair chun cinn le deiseanna cultúir agus cruthaitheacha ar mhaithe le rannpháirtíocht níos fearr pobail atá ar an imeall i ngach gné de na healaíona agus don chultúr. Tacóidh feidhmiú Dualgas na hEarnála Poiblí leis an gcuspóir seo.

Beifear ag súil go gcomhlíonfaidh na gníomhartha go léir an cuspóir leathan seo.

### Cuspóir Straitéiseach 2 — Daoine Óga agus Leanaí Cruthaitheacha

Tacú le rannpháirtíocht mhéadaithe daoine óga i ngach gné den chruthaitheacht agus den chultúr. Bainfear an cuspóir seo amach trí rannpháirtíocht fhadtéarmach daoine le hÉire Ildánach a chinntiú roimh Chruinniú na nÓg agus ina dhiaidh, chomh maith le tuilleadh deiseanna a aithint do dhaoine óga, go háirithe déagóirí níos sine agus daoine óga faoi 25 bliain d'aois ar mhaithe le tionchar ar threo gníomhaíochtaí cruthaitheachta do chohóirt níos óige agus na huirlisí cuí a fhorbairt do rannpháirtíocht agus d'aiseolas páirtithe leasmhara óga.

### Cuspóir Straitéiseach 3 — Pobail Chruthaitheacha

Beidh pobail ina bpobail ghníomhacha agus chumasaithe ó thaobh treallús a chur faoi agus a dturas cruthaitheach féin a spreagadh má tá siad feistithe agus má tá acmhainní leordhóthanacha acu lena dhéanamh.  Tá an gá le tacaíocht a thabhairt do bheochan, bainistiú tionscadail agus cur chun cinn tionscadail Éire Ildánach aitheanta mar a bheith ríthábhachtach chun a chinntiú go bhfaigheann pobail atá níos laige nó ar an imeall tacaíocht chun tuilleadh buntáistí a bhaint as Éire Ildánach.  Déanfar córas a bhunú chun meantóireacht a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt do phobail agus déanfar forbairt ar mhonatóireacht ar an éifeachtúlacht faoin gcuspóir straitéiseach seo.

Beidh a chinntiú go gcaitear go cothrom le pobail spéise, amhail mionlaigh eitneacha, an Lucht Siúil, daoine faoi mhíchumas, daoine gan dídean agus grúpaí leochaileacha eile agus a chinntiú nach mbíonn eisiamh i ndán dóibh, mar bhunchloch sa Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta iomlán 2023-2027. Treiseoidh an cuspóir straitéiseach seo na tosaíochtaí atá aitheanta ag comhairliúchán leathan ar tugadh faoi don Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail atá ar na bacáin agus iad siúd atá aitheanta ag comhaltaí na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail.

### Cuspóir Straitéiseach 4 — Tionscail Chruthaitheachta agus an Earnáil Cultúir

Tá earnáil láidir, seanbhunaithe cultúir i nGaillimh agus tá sé sin ag teacht chun cinn in go leor de na tionscail chruthaitheachta nua. Tacóidh an cuspóir leis seo le comhoibriú leis na heagraíochtaí atá lasmuigh den chomhairle, chomh maith le deiseanna a aithint a d'fhéadfadh foireann Gheilleagrach na Comhairle féin a stiúradh nó a chur chun cinn, amhail tacaíocht do mhoil chruthaitheacha, staidéar féidearthachta cruthaitheach agus tionscnaimh eile, go háirithe sa réimse cruthaitheacht digiteach.

Beidh sineirge dhlúth le Plean Straitéiseach na nEalaíon 2021-2026 "Treonna Nua" i gceist leis an gcuspóir seo chun a chinntiú go mbeidh ról sainiúil Éire Ildánach ó thaobh tacaíocht a thabhairt go bhfuil gníomhaíochtaí na hearnála cultúir soiléir agus curtha in iúl go maith agus go gcinntítear go gcuireann siad le haon snáitheanna eile maoinithe ó thaobh maoiniú do na healaíona agus don chultúr.

### Cuspóir Straitéiseach 5 — Sláinte agus Folláine Chruthaitheach

Tá rannpháirtíocht sa saol cultúir agus cruthaitheachta i measc na gceachtanna a foghlaimíodh ó COVID-19 agus go bhfuil nascacht shóisialta ríthábhachtach dár sláinte agus dár bhfolláine mar dhaoine sóisialta. Léiríonn fianaise ó ghníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó thionscnaimh Éire Shláintiúil, amhail gníomhaíochtaí foraoise, fianaise maidir le torthaí tairbheacha ó rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí fisiciúla agus cruthaitheachta, go bhfuil tábhacht atá ag dul i méid leis an gcuspóir seo sa timpeallacht tar éis COVID-19.

Déanfar iarracht leis an gcuspóir gné chruthaitheachta shuntasach a chur le tionscnaimh Éire Shláintiúil sa phobal agus déanfar iarracht an bealach a aithint ina bhféadfaí tionchar gné cruthaitheachta breise a léiriú.

### Cuspóir Straitéiseach 6 — Timpeallacht Chruthaitheach, Gníomhú ar Son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht

Tá athrú aeráide mar dhúshlán criticiúil atá i ndán go gach earnáil den gheilleagar agus do gach pobal. Tá ról ollmhór ag Éire Ildánach go náisiúnta agus ag an bhFoireann Cultúir agus Cruthaitheachta ó thaobh spreagadh a thabhairt do phobail agus tacú leo le bheith rannpháirteach go gníomhach i dtionscnaimh áitiúla chun maolú a dhéanamh ar athrú aeráide agus lena dtimpeallacht áitiúil a fheabhsú. Tá ionaid oiriúnacha riachtanach chun fiontair chruthaitheachta a sheachadadh sna pobail áitiúla, lasmuigh agus laistigh araon, ar mhaithe le léiriúchán, cruthú nó díreach sásamh a bhaint as cultúr agus oidhreacht. D'fhéadfadh an cuspóir seo gníomhartha a éascú le comharsanachtaí áitiúla a fheabhsú, úsáid nua a bhaint as drochbhonneagar, chomh maith le pobail a cur i bpáirtíocht le saineolaithe aeráide, le hailtirí agus le lucht tírdhreacha agus lucht deartha gairmiúil eile chun treallús a chur faoi athruithe timpeallachta dearfacha. Is féidir cur le tionscadail amhail "Línte na Farraige", "Glasú Lánaí" agus "Úsáid a bhaint as do Mhuga Féin" ar tugadh fúthu le linn na bliana 2021 chun cur le feasacht an phobail maidir le rannpháirtíocht i gcomhrá ar athrú aeráide.

# 6 Cur chun feidhme arna déanamh ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

Tá Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Chathair na Gaillimhe ag feidhmiú chun treorú agus maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú na Straitéise seo. Is é ról na foirne seo:

— Fóram comhchoiteann a chur ar fáil i dtaobh uaillmhian an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh den údarás áitiúil;

— Díriú ar éagsúlacht agus uileghabhálacht agus a chur ar chumas pobail a bhfuil sé níos deacra iad a mhealladh a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta;

— Cur le saineolas agus straitéisí intí atá ann cheana ar feadh réimsí na folláine, aontacht folláine agus forbairt eacnamaíochta d'fhonn leas a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun cláir oibre spriocdhírithe údaráis áitiúil a chur ar fáil; Athrú a chumasú i dtaobh an luach atá ar earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh d'údaráis áitiúla agus ar fud údaráis áitiúla agus a chinntiú go ndéantar an cultúr agus an chruthaitheacht a leabú ar fud pleananna, polasaithe agus foirne tionscadail sna húdaráis áitiúla.

— Borradh a chur faoi ghníomhartha tras-chomhoibríocha a thacaíonn le hathrú agus torthaí dearfacha go háitiúil, agus a d'fhéadfadh a bheith ann idir údaráis áitiúla ag leibhéal réigiúnach; agus


— A bheith nuálach agus rioscaí a ghlacadh — tionscadail nua agus bealaí nua oibre a thriail.

Straitéis a sholáthar faoi stiúir an Stiúrthóra Seirbhísí do Thithíocht, Ionchuimsiú Sóisialta, Freagraí ó thaobh Dídeanaithe ón Úcráin, Forbairt Gheilleagrach, Pobal agus Cultúir agus i measc chomhaltaí na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe tá, Ceann Forbartha Geilleagrach, Pobail agus Cultúir, Ceann Caithimh Aimsire agus Taitneamhachta, Athrú Aeráide agus Comhshaoil, Oifigeach Ealaíon, Oifigeach Ealaíon Cúnta, Ceann Cláir, Cuideachta Cultúir na Gaillimhe, Príomhoifigeach, Coiste Forbartha Pobail Áitiúil, Comhordaitheoir Éire Shláintiúil, Oifigeach Cumarsáide, Stiúrthóir Músaeim, Oifigeach Amharclainne, Oifigeach Oidhreachta, Oifigeach Turasóireachta, Leabharlannaí Sinsearach Feidhmiúcháin, Oifig Fiontair Áitiúil, Oifigeach Conair Eacnamaíochta an Atlantaigh agus Oifigeach Oideachais Comhshaoil.

*Cruinniú na nÓg* Tech space Aras na nGael, Galway City.



## Léarscáil de Chomhairle Cathrach na Gaillimhe (Toghcheantair)



A Government of Ireland Initiative.
Tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann.

—

CreativeIrl
creativeirl
creativeireland

—

**creativeireland.gov.ie**

**Éire Ildánach**

*Ag spreagadh agus ag athrú daoine, áiteanna agus pobal tríd an gcruthaitheacht.*